Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

OÉ Gaillimh
NUI Galway

# An Tréimhse Foghlama Gaeltachta





OÉ Gaillimh
NUI Galway

**Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge**

**Tuilleadh Eolais**
An Cheathrú Rua: 091 494600
Carna: 091 494656
Gaoth Dobhair: 091 494657
Rphost: cursaigaeilge@oegaillimh.ie


www.oegaillimh.ie/acadamh

## Cé muid féin?

Tuigeann mic léinn go bhfuil siad ag tabhairt faoi chúrsa atá spreagúil agus ábhartha nuair a dhéanann siad staidéar ar chúrsa le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ Gaillimh.

Tá ionaid Ghaeltachta OÉ Gaillimh lonnaithe ar an gCeathrú Rua & i gCarna i gcontae na Gaillimhe agus i nGaoth Dobhair i gcontae Dhún na nGall. Ionaid le scoth na n-áiseanna agus ceangail WiFi.

## Cé air a bhfuil an cúrsa dírithe?

Tá an cúrsa seo dírithe ar ábhair oidí atá ag freastal ar chúrsa éigeantach Gaeltachta chun coinníollacha a n-oiliúna mar mhúinteoirí bunscoile a chomhlíonadh.

**An Cheathrú Rua**



"Mholfainn do gach ábhar oide seal a chaitheamh in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, má theastaíonn uathu feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge labhartha agus scríofa. Bhí dhá mhian agam ag an am ….mo chuid Gaeilge a fheabhsú agus a bheith i mo mhúinteoir bunscoile. Chabhraigh an tacaíocht a fuair mé ó fhoireann an Acadaimh le m'fhís a thabhairt chun críche. Táim níos líofa sa chaint agus níos cruinne sa scríobh anois. In 2017 fuair mé áit ar an gcúrsa máistreachta don bhunmhúinteoireachta ar Champas Phádraig/DCU." *– Kate Flanagan, B.Á.C.*

**Gaoth Dobhair**



"Bhain mé an-sásamh as an chúrsa i nGaoth Dobhair. Ní hamháin go raibh na ranganna ar fheabhas ach bhí deis againn dul a chadhcáil, an Earagail a dhreapadh, agus an t-oileán áitiúil, oileán Gabhla, a fheiceáil. Mholfainn do gach mac léinn cúrsa a dhéanamh san Acadamh i nGaoth Dobhair. Níl a shárú ann!"
*– Ciaran Ward, Co. Mhuineacháin*

**Carna**



"Chaith mé mo Thréimhse Gaeltachta leis an Acadamh i gCarna, i gCo. na Gaillimhe. Bhí an cúrsa agus na háiseanna san Acadamh ar fheabhas. Bhain muid an-sult as na himeachtaí a eagraíodh i gcomhar leis an bpobal áitiúil agus tugtar chuile dheis duit do chuid Gaeilge a chleachtadh agus a fheabhsú." *– Ciarán Kilkenny, B.Á.C.*

## Clárú don Chúrsa

Is **€750.00** an táille a bheidh le híoc ar chúrsaí Gaeltachta na nÁbhar Oidí.

Le háit a chinntiú ar chúrsaí an Acadaimh, ní mór do gach mac léinn an fhoirm iarratais a chomhlánú ar líne agus éarlais €200 a íoc roimh an spriocdháta.

**Téigh chuig www.oegaillimh.ie/acadamh.**

Is féidir an éarlais a íoc le cárta creidmheasa (Visa/Mastercard) nó le cárta dochair (Visa Debit) ach glaoch ar 091-494600 le sonraí an chárta.

**Beidh fuílleach na táille (€550.00) le híoc roimh thús an chúrsa.**

## Tinreamh

Is páirt éigeantach den chúrsa réamhsheirbhíse oiliúna don mhúinteoireacht é an cúrsa Gaeltachta. Tá sé riachtanach go mbeadh na mic léinn i láthair do thréimhse iomlán an chúrsa, **13 lá agus 14 oíche**, na tréimhsí deireadh seachtaine san áireamh.

Má tá mic léinn ag lorg lá/laethanta saoire (bainis nó ócáid phearsanta) i rith a dtréimhse foghlama Gaeltachta, caithfidh siad cead a bheith acu i scríbhinn (cruachóip de ríomhphost nó litir) roimh ré ón gColáiste Oideachais. Caithfear iarratas scríofa a dhéanamh agus é a sheoladh chuig comhordaitheoir na Gaeilge sa Choláiste Oideachais roimh thús an chúrsa Gaeltachta. Déanfaidh an comhordaitheoir cinneadh faoi na hiarratais agus cuirfidh sé/sí an Coláiste Gaeltachta ar an eolas faoi na mic léinn a bheidh as láthair/an t-údar a mbeidh siad as láthair agus líon na laethanta a mbeidh siad as láthair.

## Lóistín

Cuirfear seomra roinnte in áirithe i dteach lóistín atá aitheanta ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta do gach mac léinn. Is í an Ghaeilge teanga labhartha theaghlaigh na dtithe agus an teanga a bheidh in úsáid ag na mic léinn ó thiocfaidh siad isteach sa teach. Beidh lóistín iomlán ar fáil sa teach agus na béilí seo a leanas ar fáil gach lá.

- Bricfeasta
- Lón
- Dinnéar trí chúrsa
- Tae & Brioscaí

***Mic Léinn na Gaeltachta**
Beidh mic léinn na Gaeltachta in ann fanacht sa bhaile (más mian leo) agus taisteal chuig an gcúrsa gach lá. Íocfaidh siadsan táille €475.

## Siollabas an Chúrsa

Siollabas don Chéad/Dara Tréimhse Foghlama Gaeltachta.

## Modúil an Chúrsa

- Ceartúsáid na Gaeilge idir Labhairt & Scríobh
- An Ghaeilge ar líne
- Gaeilge na Gaeltachta
- An Fillteán Foghlama
- Ceardlanna drámaíochta, ealaíne, ceardaíochta, damhsa, spóirt, eolaíochta, ceoil
- Acmhainní Cruthaitheacha do mhúineadh na Gaeilge

## Torthaí Foghlama

- Cur le cumas na mac léinn an Ghaeilge a shealbhú de réir a n-acmhainne d'fhonn a ngnó gairmiúil a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.
- Tuiscint a chothú iontu ar Cheart na Gaeilge.
- Oiliúint phraiticiúil a thabhairt dóibh i gcruthú acmhainní teagaisc a bheadh oiriúnach don seomra ranga bunscoile.
- Meon dearfach i leith na Gaeilge a chothú iontu a rachaidh i bhfeidhm ar a n-iompar teanga.
- Léargas a thabhairt dóibh ar éagsúlacht shaol na Gaeltachta idir theanga, litríocht, oidhreacht agus chultúr.

## Imeachtaí Seach-churaclaim

- Siúlóidí dúlra agus tóraíochtaí taisce & oidhreachta
- Seisiúin scéalaíochta, scoraíochta, amhránaíochta, cheoil
- Céilithe, drumadóireacht
- Tráth na gCeisteanna Boird

## Áiseanna/Fearais riachtanacha:

**Moltar do na mic léinn na háiseanna/na fearais seo a leanas a thabhairt leo:**

- **Ríomhaire glúine**
- **Dialann Foghlama**
- **Foclóir**
- **Maide Cuimhne**
- **Ipod**
- **Guthán póca**
- **Éadaí báistí/spóirt**
- **Bróga siúil/reatha**
- **Eolas cruinn faoi riachtanais speisialta bia**
- **Cárta Leighis**
- **Uirlis Cheoil (más mian leo)**

